An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta
An Cathaoirleach

An tUasal David McAllister
Cathaoirleach
An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim ar an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe chun an caidreamh déthaobhach le Cónaidhm na hEilvéise a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú (10643/2025 – C10 0075/2026 – 2025/0162(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

Faoin nós imeachta dá dtagraítear thuas, tá sé iarrtha ar an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta tuairim a chur faoi bhráid do choiste agus chinn sé an tuairim a sheoladh i bhfoirm litreach.

Rinne an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta breithniú ar an ábhar agus, ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Iúil 2026, chinn sé an tuairim a leagtar amach thíos a chur faoi bhráid an Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach.

Is mise, le meas,

Li Andersson

TUAIRIM

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, a mholadh go bhformheasfaí an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích pacáiste leathain comhaontuithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, chun a gcaidreamh déthaobhach a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a leathnú, agus lena leasaítear Cinntí 2011/51/AE agus 2011/738/AE.

Réasúnú Gearr

Is geal leis an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta an pacáiste leathan comhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise, lena gcuirtear creat cobhsaí cothrom ar fáil chun caidreamh déthaobhach a fhorbairt tuilleadh. Leis an bpacáiste, rannchuidítear leis an deimhneacht dhlíthiúil, neartaítear an comhar i réimsí leasa fhrithpháirtigh agus áirithítear feidhmiú leanúnach na ndlúthnasc eacnamaíoch agus sóisialta idir an tAontas agus an Eilvéis.

Cuireann an Coiste i bhfios go láidir go bhfuil saorghluaiseacht daoine fós ina bunchloch den chaidreamh idir an tAontas agus an Eilvéis agus tugann sé dá aire a thábhachtaí atá sé soghluaisteacht chothrom an lucht saothair a choimeád agus cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú a áirithiú d'oibrithe ag an am céanna. Ina leith sin, is geal leis an gCoiste na forálacha lena bhforáiltear d'ailíniú dinimiciúil ag an Eilvéis maidir le gníomhartha dlí de chuid an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i réimse na saorghluaiseachta daoine agus oibrithe a phostú, arb é is aidhm dóibh cearta oibrithe a chosaint, dumpáil shóisialta a chosc agus cothrom iomaíochta a áirithiú trí shásraí éifeachtacha faireacháin agus forfheidhmiúcháin.

Cuireann an Coiste i bhfáth freisin a thábhachtaí atá sé comhordú láidir a dhéanamh ar na córais slándála sóisialta, soghluaisteacht an lucht saothair a éascú agus cosaint shóisialta leormhaith a áirithiú d'oibrithe taistil agus dá mbaill teaghlaigh ag an am céanna. Ina leith sin, is geal leis go háirithe go mbeidh rochtain ag an Eilvéis ar chórais faisnéise EURES, EESSI agus IMI agus go ndéanfaidh sí ranníocaíocht airgeadais ina leith. Tugann sé chun suntais freisin an luach a bhaineann le comhar leanúnach i réimsí na sláinte agus na sábháilteachta ceirde, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na forbartha scileanna agus an lánpháirtithe i margadh an tsaothair.

Measann an Coiste go bhfuil cothromaíocht iomchuí sa phacáiste idir an comhar a dhoimhniú agus ardchaighdeáin shóisialta agus saothair a chaomhnú. Dá bhrí sin, tacaíonn sé le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe agus iarrann sé go gcuirfí chun feidhme go héifeachtach iad agus lánurraim á tabhairt d'*aquis* an Aontais, do ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus do chearta sóisialta bunúsacha.